**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0429/2023**

4.10.2023

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an mbagairt ar na meáin neamhspleácha san Ísiltír

**Gerolf Annemans, Paolo Borchia, Markus Buchheit, Filip De Man, Jean-Paul Garraud, Marcel de Graaff, Virginie Joron, Joachim Kuhs, Guido Reil, Antonio Maria Rinaldi, Rob Rooken, Robert Roos, Ivan Vilibor Sinčić, Cristian Terheş, Tom Vandendriessche**

**B9-0429/2023**

**Tairiscint i gcomhair rúin ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an mbagairt ar na meáin neamhspleácha san Ísiltír**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil stádas a aithnítear go dlíthiúil ag an gcomhlachas craolacháin Ongehoord Nederland (ON!) laistigh de chóras craolacháin phoiblí na hÍsiltíre (NPO);

B. de bhrí go dtugann ON! guth do dhaoine a bhraitheann nach n-éistear leo go leordhóthanach sna meáin agus go bhfuil mianta na gcomhaltaí, a bhfuil a líon ag méadú, á gcomhlíonadh acu;

C. de bhrí go bhfuil an NPO ag bagairt ceadúnas craolacháin ON! a chúlghairm ar bhonn gearáin agus imscrúduithe suibiachtúla;

1. á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta do shaoirse, d'iolrachas agus do neamhspleáchas na meán san Aontas;

2. ag tabhairt dá haire go n-oibríonn an comhlachas craolacháin ON! laistigh de theorainneacha an dlí agus nach raibh sé bainteach le himeachtaí breithiúnacha riamh, ná nár tugadh fiú breithiúnas ina choinne san Ísiltír;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil an NPO ag iarraidh go ndéanfaí ceadúnas craolacháin On! a chúlghairm, rud nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus a bheadh ina shárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha;

4. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil sé ag éirí dodhéanta do ON! oibriú san Ísiltír;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar sin a fhiosrú agus urraim a áirithiú do na meáin neamhspleácha;

6. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, chuig an gComhairle, chuig rialtas na hÍsiltíre agus chuig Bord Bainistíochta NPO.